Cuid II
An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

Réamhrá

Bhí roinnt forbairtí dearfacha ann in obair Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil (OCFC) sa bhliain 2015, an leithdháileadh acmhainní breise agus na hagaí feabhsaithe slánúcháin le haghaidh achomharc ina measc.

Bunaíodh OCFC faoi airteagal 12 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007. Leis na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, trasuitear Treoir 2003/4/CE maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Cé go bhfuil OCFC scartha go dlíthiúil ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise, foráiltear le hairteagal 12(10) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol go bhfaighidh an Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil cúnamh ó fhoireann Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus, dá bhrí sin, ó aon acmhainní eile atá ar fáil don oifig sin.

Baineann an ceart rochtana faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol le "faisnéis faoin gcomhshaol" atá á sealbhú ag "údarás poiblí" nó thar a cheann. Tá brí shonrach leis an dá théarma sin atá sainmhínithe in airteagal 3(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Is é an ról atá agam mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna údarás poiblí atá á n-achomharc ag iarratasóirí nach bhfuil sásta leis an toradh ar a n-iarrataí ar fhaisnéis faoi na Rialacháin. Tagann ceart achomhairc chuig an oifig seo chun cinn freisin i gcásanna ina maíonn an comhlacht nó an duine lena mbaineann iarraidh ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol nach údarás poiblí é de réir bhrí na Rialachán. Tá mo chuid breitheanna ar achomharc críochnaitheach agus ceangailteach ar na páirtithe lena mbaineann, ach amháin i gcásanna ina ndéantar achomharc eile chuig an Ard-Chúirt ar phoncanna dlí laistigh de dhá mhí ó dháta na breithe lena mbaineann.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil faoi fheidhmiú an chórais Rochtana ar Fhaisnéis faoin gComhshaol in Éirinn, tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin ag **www.ocei.ie**, áit a bhfuil naisc chuig Tuarascálacha Bliantúla roimhe ón oifig seo, chuig an Lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta OCFC, chuig suíomh Gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus chuig Treoir 2003/4/CE.

Achomhairc agus ceisteanna sa bhliain 2015

I dtús na bliana 2015, bhí 23 achomharc idir lámha ag OCFC; osclaíodh 12 cheann díobh sa bhliain 2014 agus osclaíodh na 11 cheann eile sa bhliain 2013. Fuair OCFC 31 achomharc nua sa bhliain 2015, figiúr arbh ionann é agus méadú 80% ar mheánlíon na n-achomharc a fuarthas sna cúig bliana roimhe. Dhún OCFC 27 gcás sa bhliain 2015; tugadh 15 bhreith fhoirmiúla; bhí ocht n-achomharc neamhbhailí; tarraingíodh trí chás siar; agus réitíodh cás amháin tar éis idirghabhála ó Imscrúdaitheoir de chuid OCFC.

Ag deireadh na bliana 2015, bhí 27 n-achomharc bhailí idir lámha – 22 cheann a osclaíodh sa bhliain 2015, ceithre cinn a osclaíodh sa bhliain 2014 agus ceann amháin a osclaíodh sa bhliain 2013. Agus é seo á scríobh, tá na cásanna ó na blianta 2013 agus 2014 á gcur ar aghaidh ag ár nImscrúdaitheoirí. Thuairiscigh an fhoireann go bhfuair siad 27 gceist ghinearálta faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol sa bhliain 2015.

Cásanna idir lámha le linn na bliana 2015



	Ean	Feabh	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll
Achomhairc 2013	11	11	11	11	10	10	10	9	9	5	4	1
Achomhairc 2014	12	11	10	10	10	10	8	6	6	6	5	4
Achomhairc 2015	3	5	8	9	11	16	16	15	18	20	20	22

Tar éis iarracht chomhbheartaithe ón oifig seo sa dara leath den bhliain, d'eisigh mé 15 bhreith fhoirmiúla ar achomhairc sa bhliain 2015. Is é sin an líon is airde de bhreitheanna atá eisithe i mbliain aonair ó bhunú OCFC. Tá gach ceann de na breitheanna sin foilsithe ar shuíomh Gréasáin OCFC (www.ocei.ie). Beag beann ar an bhfeabhas a tháinig ar agaí slánúcháin le haghaidh achomharc, áfach, tá dúshláin shuntasacha ann go fóill maidir le próiseáil a dhéanamh ar an líon méadaithe achomharc atá á bhfáil againn faoi láthair.

Toradh ar achomhairc chuig OCFC de réir bliana



Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe

Áirítear leis na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol teorainneacha ama socraithe le haghaidh breitheanna a thabhairt ar iarrataí ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Meastar iarraidh a bheith diúltaithe i gcásanna ina mainníonn an t-údarás poiblí breith a eisiúint laistigh den teorainn ama iomchuí atá sonraithe sna Rialacháin (mí amháin, de ghnáth).

Sa bhliain 2015, thuairiscigh an oifig seo iarrataí a measadh a bheith diúltaithe i gcás cúig údarás phoiblí nár thug freagra ar iarraidh laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear sna Rialacháin. Is iad seo a leanas na húdaráis phoiblí sin: Líonraí BSL Teoranta, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Foras na Mara, agus an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh.

Airteagal 12(6) de na Rialacháin

Le hairteagal 12(6) de na Rialacháin, tugtar cumhachtaí áirithe dom maidir le déileáil le hachomharc. Féadfaidh mé:

- ceangal ar údarás poiblí faisnéis faoin gcomhshaol a chur ar fáil dom,

- scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis faoin gcomhshaol atá i seilbh údarás poiblí agus cóipeanna a dhéanamh den fhaisnéis sin, agus
- dul isteach in aon áitreabh atá á áitiú ag údarás poiblí d'fhonn faisnéis faoin gcomhshaol a fháil.

Tá áthas orm a thuairisciú nár ghá dom an fhoráil sin a agairt sa bhliain 2015.

Imeachtaí Cúirte sa bhliain 2015

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní v An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil [2015] IESC 51

I mí an Mheithimh 2015, thug an Chúirt Uachtarach an breithiúnas uaithi sa chás An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus an Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil [2015] IESC 51. Chinn an Chúirt gurb amhlaidh go bhfuil GNBS ina húdarás poiblí chun críocha na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, ach bhí na cúiseanna leis an mbreith sin difriúil leo sin a raibh an oifig seo ag brath orthu nuair a tháinig sí ar an gconclúid chéanna. Chinn an Chúirt gur cháiligh GNBS mar údarás poiblí faoin dara catagóir den sainmhíniú ar údarás poiblí, is é sin, mar dhuine dlítheanach a chomhlíonann feidhmeanna riaracháin phoiblí.

Agus í ag cinneadh gur tháinig GNBS faoin sainmhíniú ar údarás poiblí, bhí rochtain ag an gCúirt ar breithiúnas Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh ar fáil sa chás Fish Legal agus Emily Shirley v An Coimisinéir Faisnéise (Sasana) agus Daoine Eile (C-279/12), rud nach raibh ar fáil don Choimisinéir roimhe nuair a thug sí breith ar an ábhar. I bhfianaise an bhreithiúnais i gcás Fish Legal, ba dheimhin leis an gCúirt Uachtarach gurb amhlaidh go bhfuil GNBS ina húdarás poiblí a chomhlíonann feidhmeanna riaracháin phoiblí, ar an mbonn gur dílsithe di atá cumhachtaí speisialta a théann thar na cumhachtaí a thagann as na gnáthrialacha is infheidhme maidir le caidreamh idir daoine arna rialú ag an dlí príobháideach, cé go bhfuil oibleagáid ar GNBS gníomhú ar bhonn tráchtála.

Chomh maith leis sin, d'fhormhuinigh an Chúirt cur chuige cuspóiriúil i leith na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol a léirmhíniú. Mhínigh an Breitheamh O'Donnell nach leor é, agus na Rialacháin á léirmhíniú, aird a thabhairt ar an dlí náisiúnta agus, go háirithe, ar na gnáthphrionsabail um léirmhíniú reachtúil i ndlí na hÉireann amháin. Is gá na Rialacháin a thuiscint mar chinn lena gcuirtear forálacha Threoir 2003/4/CE (agus, go hindíreach, forálacha Choinbhinsiún Aarhus) chun feidhme agus, mar ábhar dlí bhunreachtúil, níor cheart dóibh dul níos faide ná téarmaí na Treorach, cé gur cheart dóibh na téarmaí sin a chomhlíonadh ag an am céanna. Agus na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol á léirmhíniú, mar sin, is gá breithniú a dhéanamh ar cad a dhéantar leis an Treoir agus ar cad is brí léi. Mar sin, d'fhéadfaí gur ghá forálacha Choinbhinsiún Aarhus a léirmhíniú freisin.

Cairde Chomhshaol na hÉireann Teoranta -v- An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil 2014/726 JR

Sa bhliain 2015, cuireadh athbhreithniú breithiúnach a thionscain Cairde Chomhshaol na hÉireann Teoranta (2014/726 JR) i gcrích trí shocraíocht. Tionscnaíodh an t-athbhreithniú breithiúnach sin in aghaidh na hoifige seo i mí na Nollag 2014 agus bhain sé le moilleanna ar achomharc a phróiseáil.

Minch -v- An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil [2016] IEHC 91

Tar éis éisteachta sa bhliain 2015, thug an Ard-Chúirt an breithiúnas uaithi sa chás Minch -v- An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil 2015/50 MCA an 16 Feabhra 2016. Tugaim faoi deara gur chinn an Chúirt i bhfábhar an achomharcóra, agus pléifidh mé an t-ábhar sa Tuarascáil Bhliantúil uaim don bhliain 2016.

Saincheisteanna a tháinig chun cinn agus ábhair eile spéise

Acmhainní

I mblianta roimhe seo, ba iad an fhoireann in Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF) a thug tacaíocht dom sa ról mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil toisc nach bhfuair an oifig seo aon leithdháileadh sonrach cistiúcháin ón Stát ag an am. Sa bhliain 2014, rinne mé aighneacht rathúil buiséid chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d'fhonn acmhainní méadaithe a fháil chun freastal ar riachtanais oibriúcháin OCFC. Tar éis próiseas oscailte earcaíochta, ceapadh beirt Imscrúdaitheoirí breise i mí an Mheithimh 2015, agus é de dhualgas orthu oibriú go sonrach ar achomhairc chuig OCFC. Is ionann é sin agus méadú suntasach ar na hacmhainní atá ar fáil don oifig agus chuir sé leis an bhfeabhas a tháinig ar agaí slánúcháin le haghaidh achomharc freisin.

Méadú ar líon na n-achomharc chuig OCFC

Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) (Leasú) 2014, laghdaíodh an táille i leith achomharc a dhéanamh chuig an oifig seo ó €150 go €50. Tá feidhm ag ráta níos ísle €15 maidir le sealbhóirí cárta liachta agus lena gcleithiúnaithe. Bhí mé agus an Coimisinéir roimhe araon den tuairim gur chuir an táille achomhairc roimhe €150 ó iarratasóirí achomhairc a bhain le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol a thionscnamh. Tugann an méadú suntasach ar líon na n-achomharc a rinneadh ó laghdaíodh an táille bunús leis an tuairim sin.

Mar gheall ar an méadú sin ar líon na n-achomharc a bhíonn á ndéanamh chuig OCFC, bíonn sé níos deacra fós deireadh a chur leis an riaráiste cásanna atá ann faoi láthair. Mar oifig, tá súil agam go mbeimid in ann ár sofhreagracht a fheabhsú agus ár gcleachtais a bheachtú sa

bhliain 2016. Ina ainneoin sin, is ábhar casta a bhíonn ag athrú i gcónaí í Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol agus is gnách go mbíonn díospóidí mionsonraithe ar an dlí agus ar na fíricí – díospóidí nach féidir a réiteach go simplí – ag gabháil leo.

Táillí i leith iarrataí ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Foráiltear le hairteagal 15(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol go bhféadfaidh údarás poiblí táille a ghearradh nuair a chuireann sé faisnéis faoin gcomhshaol ar fáil de réir na Rialachán…ar choinníoll go mbeidh táille den sórt sin réasúnta ag féachaint don Treoir. ("may charge a fee when it makes available environmental information in accordance with the Regulations … provided that such fee shall be reasonable having regard to the Directive.")

I mbreith an 6 Deireadh Fómhair 2015 i gcás C-71/14, East Sussex County Council v An Coimisinéir Faisnéise (Sasana), phléigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh leis an gceist maidir le cad is táille réasúnta ann faoi na Rialacháin choibhéiseacha sa Ríocht Aontaithe. Chinn an Chúirt nach bhféadfaí aon chuid den chostas a bhaineann le bunachar sonraí a bheith á choinneáil ag údarás poiblí chun cineál faisnéise ar leith faoin gcomhshaol a sholáthar a chur ar áireamh sa táille i leith faisnéis den sórt sin a sholáthar. Chinn sí, áfach, go bhféadfaí na forchostais is inchurtha i leith an ama a chaith foireann an údaráis phoiblí ar fhreagraí ar iarrataí aonair ar fhaisnéis a chur ar áireamh sa táille, agus aird chuí á tabhairt ar na forchostais sin nuair a bheidh an táille á socrú, ar choinníoll nach mbeidh an táille iomlán níos mó ná méid réasúnta. Tugaim faoi deara go bhféadfadh impleachtaí a bheith ag an mbreithiúnas sin don chur chuige a ghlacann OCFC i leith táillí, mar a luadh roimhe seo i mbreitheanna CEI/07/0006 agus CEI/11/0007.

Teagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Leanann an oifig seo le caidreamh a dhéanamh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun treoir agus rialacháin a chur le chéile ina léirítear cuspóir Choinbhinsiún Aarhus go cruinn. Go háirithe, chuir mé in iúl go láidir don Roinn go mbeidh an oifig seo sásta soiléiriú agus aiseolas a chur ar fáil di bunaithe ar an taithí atá againn ar na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol nuair a bheidh an Roinn ag breithniú aon leasuithe ar na Rialacháin.

Nuashonruithe ar an suíomh Gréasáin

Sa bhliain 2015, rinneadh nuashonruithe ar shuíomh Gréasáin OCFC, atá ar fáil ag www.ocei.ie. Cuireadh feidhm cuardaigh nua chun feidhme, atá ar fáil ag http://www.ocei.gov.ie/en/Decisions/Decision-Search/. Leis an bhfeidhm sin, cumasaítear do pháirtithe leasmhara breitheanna roimhe ó OCFC a chuardach trí thagairt a dhéanamh d'airteagail aonair de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Chomh maith leis sin, ghlac OCFC an cleachtas a bhaineann le naisc chuig leaganacha PDF a shuí ag barr an leathanaigh Ghréasáin do gach breith nua.

Lámhleabhar maidir le nósanna imeachta

I mí Dheireadh Fómhair 2015, d'fhoilsigh mé an chéad Lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta OCFC, rud atá ar fáil ar líne ag www.ocei.gov.ie/en/About-Us/Policies-and-Strategies/Procedures-Manual.html. Tugtar cuntas cuimsitheach sa lámhleabhar sin ar chleachtais inmheánacha OCFC maidir le hachomhairc agus beidh sé mar threoir d'achomharcóirí agus d'údaráis phoiblí araon atá ag idirghníomhú leis an oifig seo.

Imeachtaí ar freastalaíodh orthu

Le linn na bliana 2015, d'fhreastail mé agus an fhoireann ar chomhdhálacha agus ar imeachtaí oiliúna a bhain le hobair OCFC. I mí an Mheithimh 2015, ghlac Imscrúdaitheoir Sinsearach páirt i gCeardlann de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. D'fhreastail ionadaí ó OCFC ar Chomhdháil Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar Chúirteanna Comhshaoil, Forfheidhmiú, Athbhreithniú Breithiúnach agus Achomhairc. An 13 Deireadh Fómhair 2015, thug mé aitheasc os comhair Chumann Dlí Comhshaoil na hÉireann maidir leis an obair a dhéanann OCFC. Tá an t-aitheasc sin ar fáil ar líne ag http://www.ocei.gov.ie/en/News/Recent-Developments.html. I mí na Samhna, thug Imscrúdaitheoir de chuid OCFC cur i láthair ar glacadh go maith leis ag imeacht oiliúna ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, rud a reáchtálann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mBaile Átha Luain gach bliain. I mí na Nollag 2015, thug Imscrúdaitheoir de chuid OCFC cur i láthair os comhair an 4ú Cruinniú de chuid Thascfhórsa UNECE um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, rud a bhí ar siúl sa Ghinéiv.

Breitheanna Suntasacha ó OCFC sa Bhliain 2015

Breitheanna ar bhailíocht na mbreitheanna

In airteagal 6(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, leagtar cúig eanglas ar iarratasóirí atá ag déanamh iarraidh ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Foráiltear in airteagal 11(5)(c) go bhfuil údarás agam athbhreithniú a dhéanamh i gcás "nár déileáladh ar shlí eile le hiarraidh de réir airteagail 3, 4 nó 5" de Threoir 2003/4/CE. ("otherwise not been dealt with in accordance with Article 3, 4, or 5") Sa chás Wind Noise Info agus Comhairle Chontae Loch Garman - CEI/14/0017, léirmhínigh mé airteagal 11(5)(c) mar cheann lena dtugtar údarás dom athbhreithniú a dhéanamh i gcás go gcinneann údarás poiblí go bhfuil iarraidh neamhbhailí faoi airteagal 6.

Le hairteagal 6(1)(d), ceanglaítear ar iarratasóir an fhaisnéis faoin gcomhshaol is ábhar d'iarraidh a lua "ar an mbealach is sonraí is féidir". ("in terms that are as specific as possible.") Sna cásanna An tUas. MK agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil - CEI/13/0017 agus An tUas. MK agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil - CEI/13/0007, dhá chás a bhí bainteach le chéile, rinne mé scrúdú ar dhá iarraidh a rinneadh i bhfoirm aighneachtaí fada. Beag beann air sin, níor sonraíodh go soiléir iontu an cineál faisnéise faoin

gcomhshaol a bhí á iarraidh. Sna himthosca sin, chinn mé gur mainníodh sa dá iarraidh an ceanglas atá leagtha amach in airteagal 6(1)(d) a chomhlíonadh agus go raibh siad neamhbhailí dá bharr sin.

Breitheanna ar an sainmhíniú ar "fhaisnéis faoin gcomhshaol"

In airteagal 3(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, tugtar sainmhíniú ar "fhaisnéis faoin gcomhshaol" chun críocha na Rialachán. Cuimsítear sa sainmhíniú sin sé chineál dhifriúla faisnéise faoin gcomhshaol.

Sa chás An tUas. Jim Redmond agus Coillte Teoranta - CEI/14/0011, bhreithnigh mé cé acu a tháinig nó nár tháinig faoin sainmhíniú ar fhaisnéis faoin gcomhshaol faisnéis áirithe faoi aistriú leasa i dtalamh, a bhí i seilbh Coillte, chuig tríú páirtí. San achomharc sin, breithníodh cé acu ab ionann nó nárbh ionann an fhaisnéis a iarradh agus faisnéis faoi bheart ar dóigh dó difear a dhéanamh do ghnéithe an chomhshaoil, de bhun mhír (c) den sainmhíniú ar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Ós rud é nár thug aistriú an leasa sa talamh le fios go mbeadh athrú úsáide na foraoise i gceist leis, agus ós rud é nach raibh aon chomhartha ann go raibh athrú úsáide ar intinn ag na páirtithe tráth an díola, chinn mé nárbh ionann an fhaisnéis a iarradh agus faisnéis faoin gcomhshaol. Tá an bhreith sin ina hábhar d'athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt faoi láthair, rud a thionscain an t-achomharcóir i mí Eanáir 2016 (Redmond & Anor -v- An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil 2016/27 JR).

Sa chás An tUas. Gavin Sheridan agus an Garda Síochána - CEI/13/0013, chinn mé, ar an bhforas nárbh ionann an fhaisnéis a iarradh agus faisnéis faoin gcomhshaol de réir bhrí na Rialachán, go raibh údar ag an nGarda Síochána le diúltú do rochtain ar fhaisnéis faoi úsáid aerárthaí an Gharda Síochána, ar fhaisnéis faoi chonradh le haghaidh soláthar breosla, agus ar fhaisnéis faoi bhille leictreachais a bhain le stáisiún ar leith de chuid an Gharda Síochána. Cé gur ghlac mé leis gur gníomhaíocht chun críocha mhír (c) den sainmhíniú atá in úsáid héileacaptar agus aerárthaí eile ag an nGarda Síochána, chinn mé gur róbheag atá an nasc idir an fhaisnéis a iarradh agus aon tionchar a bheadh ag an aerthaisteal ar an gcomhshaol agus go mbaineann barraíocht athróg leis an ábhar chun cáiliú mar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Chinn mé gur róbheag atá an nasc idir conradh le haghaidh soláthar breosla agus an comhshaol i gcás, mar a tharla anseo, nach dtugtar sa chonradh lena baineann faisnéis bhríoch faoi chúrsaí amhail an méid breosla a úsáideann an t-údarás poiblí. Mar an gcéanna, chinn mé gur róbheag atá an nasc idir bille leictreachais míosúil le haghaidh áitreabh ar leith de chuid comhlacht phoiblí agus an tionchar a bheadh aige ar an gcomhshaol agus chinn mé, mar sin, nach dtagann an fhaisnéis a iarradh faoin sainmhíniú ar fhaisnéis faoin gcomhshaol.

Sa chás An tUas. Andrew Duncan agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann - CEI/13/0005, chinn mé nár áiríodh aon fhaisnéis faoin gcomhshaol de réir fhomhír (e) den sainmhíniú i staidéar ar an anailís inmharthanachta agus ar an anailís costais is tairbhe maidir le leictreachas in-athnuaite a bheith á allmhairiú ag Éirinn. Bhí an cinneadh sin

bunaithe ar mheasúnú ar ábhar an staidéir. Cé go raibh sé soiléir go raibh an staidéar ina anailís eacnamaíoch a úsáideadh i gcreat birt nó gníomhaíochta, ba le cás hipitéiseach a bhain an beart. Mar sin, ní fhéadfaí a mheas gur bheart é a dhéanfadh dochar do ghnéithe iomchuí ná do dhálaí iomchuí, ná gur bheart é ar dóigh dó dochar a dhéanamh dóibh, mar a éilítear sa sainmhíniú.

Sa chás An tUas. Oliver Cassidy agus Coillte Teoranta - CEI/13/0008, bhreithnigh mé cé acu ab ionann nó nárbh ionann agus faisnéis faoin gcomhshaol faisnéis a tugadh ar léarscáileanna ar léiríodh láithreacha suirbhé trialach orthu. Chinn mé gurbh ionann agus glacadh "birt" faoi mhír (c) den sainmhíniú an bhreith ó Coillte suirbhéanna trialacha a cheadú i dtaca le tuirbíní gaoithe. Chinn mé freisin gurbh ionann agus "gníomhaíochtaí" de réir bhrí na míre céanna an obair a rinneadh ar shuirbhéanna trialach. Ós rud é gur léiríodh ar na léarscáileanna na tailte ar bhain an beart leo agus a ndearnadh na gníomhaíochtaí orthu, ba dheimhin liom gur cuimsíodh sna léarscáileanna faisnéis faoin gcomhshaol de réir bhrí airteagal 3(1) de na Rialacháin.

Breitheanna ar an sainmhíniú ar "údarás poiblí"

In airteagal 3(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, tugtar sainmhíniú ar "údarás poiblí" chun críocha na Rialachán. Féadfaidh eintiteas a bheith ina "údarás poiblí" faoi cheann ar bith de na trí chatagóir atá leagtha amach i míreanna (a) go (c) den sainmhíniú: mar rialtas nó mar riarachán poiblí; mar eintiteas a dtugann an Stát cumhacht dó gníomhú thar a cheann; nó mar eintiteas atá á rialú ag an Stát.

Sa chás An Dr Edward Fahy agus Eagraíocht Táirgeoirí Éisc na hÉireann Teoranta - CEI/15/0011, bhreithnigh mé achomharc a rinneadh ar an mbonn gur údarás poiblí faoi mhíreanna (b) agus (c) den sainmhíniú í Eagraíocht Táirgeoirí Éisc na hÉireann (IFPO). Bhain mé leas na critéir léirmhínitheacha a chuir Cúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh ar fáil sa chás Fish Legal agus Emily Shirley v An Coimisinéir Faisnéise (Sasana) agus Daoine Eile (C-279/12). Sa bhreithiúnas sin, chruthaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dhá thriail chun a chinneadh cé acu is údarás poiblí nó nach ea é comhlacht – is iad sin, triail 'cumhachtaí speisialta' a bhfuil feidhm aici maidir le mír (b), agus triail 'rialaithe' a bhfuil feidhm aici maidir le mír (c). Rinne mé scrúdú ar na cumhachtaí dlíthiúla atá dílsithe don IFPO faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus tháinig mé ar an gconclúid nach gcomhlíonann siad an triail 'cumhachtaí speisialta'. Tháinig mé ar an gconclúid freisin nár leor an rialú a bhí ag údaráis stáit ar an IFPO sa chás seo chun tacú le cinneadh gur údarás poiblí faoi mhír (c) í an IFPO.

Breitheanna ar na heisceachtaí ó fhaisnéis a nochtadh

Foráiltear leis na Rialacháin go bhféadfar diúltú do rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol in imthosca áirithe, mar shampla, i gcás go ndéanfadh an fhaisnéis dochar do rúndacht faisnéis pearsanta nó tráchtála nó do leasanna de chuid tríú páirtithe. Cé go dtuairiscítear roinnt de na heisceachtaí mar chinn éigeantacha, is amhlaidh gur gá an leas pobail a bhfreastalaíonn nochtadh na faisnéise air a bhreithniú i ngach cás.

Sa chás Marine Terminals Limited agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - CEI/14/0013, d'iarr achomharcóir rochtain ar chomhaid forfheidhmithe pleanála na Comhairle, lenar áiríodh sonraí faoi dhaoine aonair a rinne gearáin phleanála a bhain leis an achomharcóir féin. Tar éis dom a chinneadh ar dtús nach raibh feidhm ag airteagal 10(1) maidir leis an bhfaisnéis, mheas mé na heisceachtaí atá leagtha amach faoi airteagail 8(a)(i) agus (ii) agus chinn mé, sna himthosca sin, go ndéanfadh eisiúint na ngearán pleanála dochar do leasanna na ndaoine aonair a bhí i gceist agus do rúndacht a bhfaisnéise pearsanta.

Sa chás An Taisce agus Bord na Móna - CEI/14/0002, d'iarr an t-achomharcóir rochtain ar fhaisnéis faoi chomhlíonadh na Treorach um Measúnacht Tionchair Timpeallachta maidir le baint móna. Foráiltear le hairteagal 8(a)(iv) de na Rialacháin nach gcuirfidh údarás poiblí faisnéis faoin gcomhshaol ar fáil i gcás go ndéanfadh nochtadh na faisnéise sin dochar do rúndacht imeachtaí údarás poiblí. Rinne mé scrúdú ar an bhfaisnéis a bhí i seilbh Bhord na Móna agus chinn mé go raibh feidhm ag pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil agus ag pribhléid dlíthíochta maidir leis an gcás, agus mar sin bhí feidhm ar an eolas ag an eisceacht faoi airteagal 8(a)(iv). Chinn mé freisin go raibh feidhm ag an eisceacht faoi airteagal 9(1)(b), lena bhforáiltear do dhiúltú d'iarraidh i gcás go ndéanfadh nochtadh na faisnéise lena mbaineann dochar do chúrsa an cheartais, maidir le taifid áirithe a d'ullmhaigh Bord na Móna in oirchill nós imeachta sáraithe arna thionscnamh ag an gCoimisiún Eorpach.

Sa chás An tUas. Lar McKenna agus Líonraí BSL - CEI/13/0010, d'iarr an t-achomharcóir raon fairsing faisnéise réadmhaoine ó Líonraí BSL maidir le scéimeanna giniúna cumhachta teirmí agus hidrileictrí. Sna himthosca sin, chinn mé go raibh feidhm ag airteagal 9(2)(a) toisc go raibh an iarraidh míréasúnta go follasach ag féachaint don mhéid faisnéise a iarradh. Dá réir sin, chinn mé go raibh sé de rogha ag Líonraí BSL diúltú don iarraidh. Thug mé faoi deara nár mheas mé é a bheith cuí acmhainní teoranta na hoifige seo a úsáid chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na páirtithe d'fhonn an méid ábhar a iarradh a laghdú go leibhéal réasúnta.

Sa chás An tUas. Tony Lowes agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara - CEI/14/0007, phléigh mé leis an gceist maidir le cé acu a bhí nó nach raibh údar ag an Roinn le diúltú d'iarraidh an achomharcóra ar rochtain ar réamhthuarascálacha agus ar dhoiciméid ghaolmhara a bhain leis an damáiste stoirme a rinneadh d'fheirmeacha éisc ar na Gaorthaí, Bá Bheanntraí, an 1 Feabhra 2014. Cailleadh 230,000 iasc saothraithe de bharr an damáiste sin. Bhí an Roinn fós i mbun an phróisis fhoriomláin scrúdaithe agus bhreithniúcháin ar an ábhar tráth an achomhairc.

Mhaígh an Roinn gur cheart diúltú don iarraidh ar fhaisnéis ar an mbonn gur bhain sí le hábhar a bhí i gcúrsa a chríochnaithe agus le cumarsáidí inmheánacha faoi airteagail 9(2)(c) agus (d) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.

Sa bhreith uaim, níor ghlac mé leis gur thug an nasc idir an fhaisnéis a iarradh agus an próiseas breithniúcháin a bhí ar siúl – agus a bheadh ar siúl ar feadh tréimhse éiginnte, de réir cosúlachta – bonn leordhóthanach le diúltú don iarraidh faoi airteagal 9(2)(c) de na Rialacháin. Ag féachaint do chineál agus d'ábhar na dtuarascálacha a iarradh, chinn mé nár chuimsigh siad ábhar a bhí i gcúrsa a chríochnaithe ná doiciméid neamhchríochnaithe chun críocha airteagal 9(2)(c). I gcás ar bith, chuir mé an leas pobail a bhfreastalódh nochtadh na faisnéise air agus an leas pobail a bhfreastalódh an diúltú air sa mheá, faoi mar a cheanglaítear in airteagail 10(3) agus 10(4). Maidir leis sin, thug mé faoi deara go n-aithnítear i gCoinbhinsiún Aarhus go ngabhann leas an-láidir pobail le hoscailteacht a uasmhéadú i dtaca le cúrsaí comhshaoil ionas gur féidir le pobal eolach páirt níos éifeachtaí a ghlacadh i gcinnteoireacht comhshaoil. D'aithin mé freisin go bhfuil leas láidir pobail ann in oscailteacht agus i gcuntasacht maidir leis an dóigh ar chomhlíon an Roinn a cuid feidhmeanna faoin reachtaíocht iomchuí lena rialaítear an tionscal dobharshaothraithe. Chuir mé na cúrsaí sin agus an leas pobail i sláine an phróisis rialála a choinneáil sa mheá, ag féachaint don fhaisnéis shonrach a bhí i gceist agus do na haighneachtaí ón Roinn. Ar an iomlán, chinn mé gur mhó an leas pobail a bhfreastalódh nochtadh na faisnéise air ná an leas pobail a bhfreastalódh diúltú air.

Sa chás An tUas. Oliver Cassidy agus Coillte Teoranta - CEI/13/0008, chinn mé nach bhféadfadh Coillte brath ar an bhforas le diúltú faoi airteagal 9(1)(c), rud a bhfuil feidhm aige i gcás go ndéanfadh nochtadh na faisnéise dochar do rúndacht tráchtála nó thionsclaíoch, toisc go ndearna an tríú páirtí iomchuí bearta cheana féin chun an fhaisnéis sin a fhoilsiú. Bhreithnigh mé freisin an foras le diúltú faoi airteagal 8(a)(iv), lena bhforáiltear, faoi réir triail maidir leis an leas pobail, nach mór diúltú d'iarraidh i gcás go ndéanfadh nochtadh na faisnéise dochar do rúndacht imeachtaí údarás poiblí. Ní thugtar sainmhíniú sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol ar an bhfocal "imeachtaí" sa chomhthéacs sin. Dá bhrí sin, bhain mé leas as an ngnáthbhrí liteartha leis an bhfocal. Sna himthosca sin, níor dheimhin liom gur tháinig sonraí faoi chomhaontú le tríú páirtí faoi bhrí airteagal 8(a)(iv).

Breitheanna ar astaíochtaí isteach sa chomhshaol faoi airteagal 10(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

In airteagal 10(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, ní cheadaítear eisceachtaí faoi airteagail 8 agus 9(1)(c) a chur i bhfeidhm i gcás go mbaineann iarraidh "le faisnéis ar astaíochtaí isteach sa chomhshaol."

Sa chás Marine Terminals Limited agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - CEI/14/0013, d'áitigh an t-achomharcóir nach bhféadfaí forais áirithe le diúltú a chur i bhfeidhm toisc gur bhain na gearáin le hastaíochtaí torainn isteach sa chomhshaol. Agus an

triail a bhunaigh Cúirt Ghinearálta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chás Stichting Greenpeace Nederland-v-Pesticide Action Network Europe (T-545/11) á cur i bhfeidhm agam, chinn mé nárbh ionann an fhaisnéis a iarradh agus faisnéis faoi astaíochtaí toisc nár bhain an fhaisnéis féin ar bhealach sách díreach le hastaíochtaí isteach sa chomhshaol.

Bhreithnigh mé an cheist maidir le hastaíochtaí faoi airteagal 10(1) sa chás Cairde Chomhshaol na hÉireann agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara - CEI/13/0001 freisin. Sa chás sin, chinn mé nach bhféadfaí brath ar airteagal 9(1)(c) mar fhoras le diúltú toisc gur bhain an iarraidh le hastaíochtaí isteach sa chomhshaol i bhfoirm gníomhaithe teiripeacha ceimiceacha arna scaoileadh as láithreán dobharshaothraithe muirí.

Commissioner for Environmental Information overturns DAFM decision to withold salmon farm accident report

Inshore Ireland - 08/09/2015

Freedom of information requests double in some departments after fee abolition

Irish Times - 11/05/2015